# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

## Tuarascáil Bhliantúil 2017

# Clár an Ábhair


*Introduction* 1

*Mission Statement* 1

*Strategic Plan 2015-2017* 1

*Foreword from the Chairman and Director* 2

*Council Functions* 4

*Council Activities in 2017* 5

*Council Membership* 7

*Council Committees, Panels and Working Groups* 8

*1. Quality and Safety Committee* 8

*2. Education and Standards Committee* 11

*3. Medical Advisory Committee (MAC)* 14

*4. Priority Dispatch Committee* 17

*5. Fitness to Practice Committee* 18

*6. Compliance and Audit Committee* 18

*Panels and Groups* 19

*A. Examination Quality Group* 19

*B. Test Item Writing Panel* 20

*C. Appeal Panel* 20

*D. Examiner Panel* 21

*PHECC Executive Team* 21

*PHECC Organisation Chart* 22

*Financial Statements 2017* 23

# Réamhrá

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint sa réimse cúraim éigeanandála réamhoispidéil in Éirinn.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Chomhairle mar chomhlacht corpraithe trí Ionstraim Reachtúil Uimhir 109 de 2000 (An tOrdú Bunaithe) a leasaíodh trí Ionstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 (An tOrdú Leasaithe). Rinneadh na hOrduithe seo faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe) 1961 mar a leasaíodh agus a tugadh faoi reachtaíochtaíocht phríomhúil faoin Acht Sláinte (Foralálacha Ilghnéitheacha) 2007.

Faoi I.R. 109 is féidir le baill na Comhairle, seachas an cathaoirleach, a bheith in oifig ar feadh trí nó ceithre bliana agus crannchur a bheith curtha ar siúl ag an gcéad chruinniú ag an gComhairle maidir leis na baill a dhéanfaidh trí nó ceithre cinn de bhlianta faoi seach. Ceapann an tAire Stáinte baill na Comhairle.

Tá an cúigiú Comhairle ag feidhmiú ó mhí na Nollag 2016 agus 16 ceaptha mar bhaill di. Baill nua is ea cuid acu seo agus seanbhaill an chuid eile. Tá 6 Choiste Comhairle, 2 Phainéal agus 2 Mheitheal ann.

# Ráiteas Misin

Cosnaíonn an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil an pobal trí shainiú, athbhreithniú agus monatóireacht neamhspleách a dhéanamh ar chaighdeáin feabhais maidir le soláthar sábháílte cúraim éigeandála réamh-ospidéil den chéad scoth.

# Plean Straitéiseach 2015-2017

Cothaíonn an plean straitéiseach nasc idir an ráiteas misin agus feidhmeanna, rialachas, tacaíocht riaracháin agus cuspóirí na Comhairle. Sonraítear na sainstraitéisí a bhaineann le gach cuspóir ar leith. Tugtar sa phlean straitéiseach treoir agus fócas soiléir agus tá sé ar fáil ar an leathanach 'Publications' dár suíomh idirlín http://www.phecit.ie/

# Brollach an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra

Thar ceann na Comhairle, is cúis áthais don Stiúrthóir agus dom féin an 18ú Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhur mbráid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017. Bá í 2017 an chéad bhliain iomlán ag an gComhairle reatha agus leanann an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) den phobal a chosaint trí shainiú, athbhreithniú agus monatóireacht neamhspleách a dhéanamh ar chaighdeáin feabhais maidir le soláthar sábháílte cúraim éigeandála réamhospidéil den chéad scoth.

Bliain ab ea 2017 inar tarlaíodh athruithe agus comhdhlúthú. I mí Feabhra chuir sé áthas orainn an tUas. Hillary Collins a dhearbhú mar Leas-Chathaoirleach ar an gComhairle agus faoin Meitheamh sin bhí ceathrar ball eile ceaptha ar an gComhairle, rud a thug Bord iomlán dúinn. I rith an tsamhraidh bhog CCPRO go dtí ár n-oifigí nua agus sainfheistithe i bPáirc na Mílaoise, An Nás.

Bliain ghnóthach ab ea 2017 agus sinn ag líonadh agus ag athbhunú sé choiste sheasta agus ceithre mheitheal/phainéal de chuid na Comhairle. Táimid fíorbhuíoch de na daoine go léir a bhí sásta freastal ar na coistí seo agus a gcuid ama agus saineolais a roinnt leis an gComhairle. Tá an tacaíocht seo riachtanach dúinn agus sinn ag iarraidh ár misean agus ár bhfís chun feabhais a bhaint amach i gcúram éigeandála réamhospidéil.

Stiúir Plean Straitéiseach 2014-2017 ár n-oibríochtaí gnó i gcónaí, agus tá tús curtha againn ar Phlean Straitéiseach le haghaidh na chéad cheithre bliana eile. Anuas ar an mbunfhócas seo, baineadh amach príomhthosaíochtaí 2017 go háirithe maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh. Fuair gach ball den Chomhairle ionduchtú inar leagadh béim ar an gcód nua agus chuir CCPRO clár tacaíochta ar fáil do bhaill na Comhairle ar Rialú agus Oibríochtaí Comhlachtaí Rialála, oiliúint do Chathaoirligh san áireamh. Le linn na Comhdhála de chuid na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar i mí Dheireadh Fómhair foilsíodh An Creat um Rialáil Bhailíochtaithe do Sholáthróirí Seirbhíse Ceadúnaithe. Leantar le cur i bhfeidhm an Chreata um Athbhreithniú Feabhais do na RInna. Chomh maith leis sin, ba mhór an tsástacht don Chomhairle leanúint leis an tacaíocht don Chláraitheoir um Stadanna Cairdiacha Lasmuigh den Ospidéal (OHCAR) mar aon le himeachtaí comhdhála tábhachtacha eile do chleachtóirí agus freagróirí, go háirithe Tionól EMS a tharla i mí Mheán Fómhair agus 'Respond' a tharla i mí an Mhárta.


Baineann cosaint an phobail le gach a ndéanaimid. Tá rialáil neamhspleách riachtanach chun an pobal a chosaint. Ar an gcloch is mó ar ár bpaidrín tá an riachtanas go mbeadh reachtaíocht nua inár straitéis, atá á forbairt faoi láthair, chun cumas CCPRO a neartú d'fhonn ár mandáid i sábháilteacht an phobail a chomhlíonadh sa timpeallacht réamhospidéil agus chun freagairt dár ndualgas mar rialtóir de ghairm bheatha atá ag tosú. Tá sé mar aidhm againn chomh maith seasamh do phobal freagróra dinimiciúil.

Is mór againn an cheannaireacht atá curtha ar fáil ag an Aire Sláinte mar aon leis an tacaíocht agus an caidreamh oibre atá faighte againn ó foireann Rannóg na nOspidéal Géarmhíochaine de chuid na Roinne Sláinte.

Mar Chathaoirleach agus thar ceann na Comhairle, ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an Stiúrhtóir, an Cláraitheoir, an Coiste Feidhmiúcháin agus an fhoireann thiomanta as a gcuid dua agus dúthrachta do CCPRO agus dár mandáid.

Gabhaim buíochas freisin le baill uile na Comhairle as a dtiomantas i rith 2017 go háirithe an Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirligh na sé choiste sheasta agus mheitheal.

Is mór ag CCPRO i gcónaí an tiomantas don fheabhas san oideachas a sholáthraíonn Ionad Oiliúna DFB, an RCSI, an NASC agus UCD, UL agus UCC. Is cóir a rá go bhfuilimid fíorbhuíoch dár bpáirtithe leasmhara i gcleachtadh, oideachas agus taighde, go hairithe na heagraíochtaí reachtúla, cúnta, deonacha agus príobháideacha sna grúpaí Chéad Fhreagróir an Phobail (CFR) ar fud na tíre mar aon le cleachtóirí, freagróirí agus iad siúd uile atá cláraithe linn. Go raibh maith agaibh as bhur dtiomantas, díograis agus gairmiúlacht.



______________________

An Dr Jacqueline Burke

Cathaoirleach



________________

An tUas Richard Lodge

Stiúrthóir

# Feidhmeanna na Comhairle

Is iad príomhfheidhmeanna CCPRO ná:

- A chinntiú go n-úsáideann institiúidí oiliúna, ábhar na gcúrsaí agus na scrúduithe sa Chéad Fhreagairt agus sa Teicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála an cleachtas comhaimseartha is fearr.
- A chinntiú go mbainfidh Freagróirí agus Cleachtóirí cúraim éigeandála réamhospidéil inniúlacht amach agus go gcoimeádfar í ag an gcaighdeán cuí feidhmíochta.
- Cur i bhfeidhm treoirlínte sa chleachtas cliniciúil sa chúram éigeandála réamhospidéil a ullmhú agus a chur chun cinn.
- An taighde ábhartha a aimsiú, a urrú agus a chur chun cinn mar threoir don Chomhairle agus an cúram éigeandála réamhospidéil á ullmhú aici in Éirinn.
- Caighdeáin feidhmíochta a ullmhú le haghaidh cleachtóirí sa chúram éigeandála réamhospidéil mar thaca leis an gcleachtas is fearr.
- Clár de chleachtóirí cúraim éigeandlála réamhospidéil a bhunú agus a chothú.
- Na soláthraithe cúraim éigeandála réamhospidéil siúd a aithint a dhearbhaíonn go gcuirfidh siad na treoirlínte sa chleachtas cliniciúil i bhfeidhm.

Tháinig an Chomhairle le chéile 10 n-uaire le linn 2017. Tá baill na Comhairle ina mbaill de Choistí na Comhairle freisin. Féach ar Aguisín 1 chun an freastal a rinneadh ar chruinnithe na Comhairle a fheiceáil.

Tá 6 Choiste sheasta ag an gComhairle:

1. Cáilíocht agus Slándáil
2. Oideachas agus Caighdeáin
3. Comhairle Mhíochaine
4. Seachadadh Tosaíochta
5. Oiriúnacht chun Cleachtaidh
6. Comhlíonadh agus Iniúchadh

Anuas air sin, tá na Meithleacha agus na Painéil seo leanas ag an gComhairle:

Grúpa Cáilíochta Scrúduithe

Grúpa Scríbhneoireachta Míre Tástála

Painéal Achomharc

Painéal Scrúdaitheoirí

# Gníomhaíochtaí na Comhairle sa bhliain 2017

## Ráitis ar na príomhghníomhaíochtaí

### Rialachas:

- Plean Straitéiseach CCPRO 2016 - 2017 a chur i bhfeidhm.
- Faomhadh Creat Rioscaí 2016.

### Caighdeáin agus Oideachas:

- Lean an Coiste seo leis an monatóireacht ar an gCreat um Dhearbhú Cáilíochta d'Institiúidí Aitheanta agus ar chur i bhfeidhm an Chreata:
    - Foilsiú thuairiscí 2015 ar na cuairteanna ar an láthair (14 cinn déag san iomlán)
    - Críoch curtha le hathbhreithnithe ar an láthair agus tuairiscí faofa i gcás 14 institiúid aitheanta.
- Iarratais nua faofa ar aitheantas d'institiúidí oiliúna agus do chúrsaí.
- Athnuachaintí ar institiúidí atá ann cheana faofa.
- Tús curtha leis an tionscadal chun Garchabhair Oibre (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta) a aistriú go dtí Caighdeán Freagartha Garchabhrach CCPRO.
- Forbraíodh agus tástáladh an próiseas measúnaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar CPC do EMTanna i mí Dheireadh Fómhair 2016.

### Clárú:

- Cuireadh críoch ar an gcur i bhfeidhm d'athchlárú leictreonach na gcleachtóirí cláraithe uile.
- Faomhadh iarratais ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a fuarthas thar lear.

### Scrúduithe agus Creidiúnú:

- Leanadh leis an tacaíocht a thugtar don fheabhas i mbainistiú próiseas scrúduithe NQEMT.
- Rinneadh maoirseacht ar an méadú ar na hiarrthóirí a rinne na scrúduithe EMT agus Paraimhíochaineoirí NQMET.

### Treoirlínte Cleachtais Chliniciúil (CPGanna):

- Faomhadh CPGanna idir nua agus uasdátaithe.

**Cáilíocht agus Sábháilteacht:**

- Faomhadh An Caighdeán um Cheannaireacht Reamhospidéil a Ghlacadh.
- Faomhadh An Caighdeán um Chúram Othar (PCR).
- Faomhadh An Caighdeán um Thuairisciú an Chéad Fhreagartha Chairdiaigh (CFR).
- Faomhadh An Caighdeán um Chúram Siúlach.
- Leanadh leis an maoirseacht ar stádas chur i bhfeidhm CPG 2014.

**Na Chéad Fhreagróirí agus na Comhfhreagróirí:**

- Tugadh tacaíocht do ghréasán CFR Éireann.
- Leanadh de bheith ag tabhairt tacaíochta don taobh acadúil den obair a dhéanann an oifig um Chlár na Stadanna Cairdiacha Lasmuigh den Ospidéal (OHCAR).
- Tacaíodh le tiomantas cómhaoinithe leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) le haghaidh Ghradam Comhpháirtíochta 2016 de chuid an Bhoird Taighde Sláinte dar teideal '*Out of Hospital Cardiac Arrest and community first response: international best practice, national consultation and prospective evaluation*'.
- Leanadh de bheith ag tabhairt tacaíochta d'Aip um Práinn Freagróirí (RAApp) a fhorbairt.

**Taighde sa Chúram Réamh-Ospidéil:**

- Leanadh de bheith ag tabhairt tacaíochta don Ionad um Thaighde sa Chúram Réamhospidéil in Ollscoil Luimnigh.

**Seirbhís Náisiúnta Aisghabhála:**

- Leanadh de bheith ag tabhairt tacaíochta d'obair an Chláir Náisiúnta Iompair Leighis lena n-áirítear iarracht ar shonraí digiteacha in otharcharranna a bhailiú d'fhonn comhtháthú a dhenamh le córais in ospidéil.

**Míreanna eile:**

- Baineadh creidiúnú ISO 9001:2015 amach.

## Ballraíocht na Comhairle

### Ballraíocht ar an 31 Nollaig 2017

Tá ballraíocht na Comhairle déanta de suas de sheacht mball déag ar a mhéid arna gceapadh ag an Aire Sláinte:

| Ainm | Réasúnaíocht le bheith mar bhall |
|---|---|
| An Dr. Jacqueline Burke | Cathaoirleach; Déanann ionadaíocht do leas an phobail mhóir - Arna ceapadh 06/12/16. |
| An tUas. Hillery Patrick Collins | Leas-Chathaoirleach; Arna cheapadh de bharr é a bheith ainmnithe ag ceardchumann, rud a chiallaíonn, dar leis an Aire, go seasann sé do thromlach na dteicneoirí leighis éigeandála – Arna cheapadh 06/12/16. |
| An Dr. David Menzies | Cleachtóir leighis cláraithe a bhfuil suim agus saineolas aige sa chúram éigeandála réamhospidéil – Arna cheapadh 06/12/16. |
| An tOll. Patrick Plunkett | Cleachtóir leighis cláraithe a bhfuil suim aige sa chúram éigeandála réamhospidéil agus saineolas aige air – Arna cheapadh 30/06/2016. |
| An tUas. Stephen Brady | Arna cheapadh ag institiúidí atheanta (DFB/RCSI) – Arna cheapadh 30/06/16. |
| An Dr. Mick Molloy | Cleachtóir leighis cláraithe a bhfuil suim aige sa chúram éigeandála réamhospidéil agus saineolas aige air – Arna cheapadh 22/02/2017. |
| An tUas. Martin Dunne | Thar ceann bhainisteoirí na mbord sláinte – Arna cheapadh 30/06/16 |
| An Dr. Conor Deasy | Thar ceann bhainisteoirí na mbord sláinte – Arna cheapadh 30/06/16 |
| An tUas. Tess O'Donovan | Thar ceann bhainisteoirí na mbord sláinte – Arna ceapadh 30/06/16 |
| An tUas. Fiona McDaid | Altra cláraithe a bhfuil suim aici sa chúram éigeandála réamhospidéil agus saineolas aici air – Arna ceapadh 06/12/16. |
| An tUas. Patrick Fleming | Duine a bhfuil sainspéis aige sa chúram éigeandála réamhospidéil nó saineolas aige air – Arna cheapadh 06/12/16. |
| An Dr. Jason van der Velde | Duine a bhfuil sainspéis aige sa chúram éigeandála réamhospidéil nó saineolas aige air – Arna cheapadh 22/02/17. |
| An tUas. Jimmy Jordan | Arna cheapadh de bharr é a bheith ainmnithe ag ceardchumann rud a chiallaíonn, dar leis an Aire, go seasann sé do thromlach na dteicneoirí leighis éigeandála – Arna cheapadh 29/06/17. |
| An tUas. Patrick John | Arna cheapadh de bharr é a bheith ainmnithe ag comhlacht a sheasann d thromlach na dteicneoirí leighis éigeandála dar leis an Aire, – Arna |

| | |
|---|---|
| Hanafin | cheapadh 06/12/16. |
| An tUas. Thomas Joseph Keane | Duine a bhfuil sainspéis aige sa chúram éigeandála réamhospidéil agus saineolas aige air – Arna cheapadh 22/02/17. |
| An Dr. Shane Knox | Arna cheapadh ag institiúidí aitheanta (NASC) – Arna cheapadh 30/06/16. |
| An tUas. Shane Mooney | Arna cheapadh de bharr é a bheith ainmnithe ag cearchumann chun seasamh do thromlach na dteicneoirí leighis éigeandála – Arna cheapadh 06/12/16. |

**Athruithe ar Bhallraíocht na Comhairle 2017**

Leasaigh an tAire ballraíocht na Comhairle mar seo leanas;

| | |
|---|---|
| An tUas Jimmy Jordan | Arna cheapadh ó 29/06/17 |
| An tUas Thomas Keane | Arna athcheapadh ó 22/02/17 |
| An Dr Mick Molloy | Arna athcheapadh ó 22/02/17 |
| An Dr Jason van der Velde | Arna cheapadh ó 22/02/17 |

# Coistí, Painéil agus Meithleacha na Comhairle

Tugann a cuid Coistí, Painéal agus Meithleacha cúnamh agus comhairle don Chomhairle.

## 1. An Coiste Cáilíochta agus Sábháilteachta

Coiste Seasta de chuid na Comhairle. Sainmhínítear sna téarmaí tagartha go ndéanann baill an Choiste seo machnamh ar mholtaí agus go gcuireann siad iad seo faoi bhráid na Comhairle maidir leis na nithe seo leanas: forbairt, cothabháil agus monatóireacht polasaithe; cúrsaí beartas maidir leis an bhfaomhadh do chur i bhfeidhm CPGanna ag soláthraithe ceadúnaithe CPG; nósanna imeachta chur i bhfeidhm CPG le stádás uas-scilithe a chur san áireamh; creat cleachtais do chleachtóirí cúraim éigeandála réamhospidéil a chuimsíonn creidiúnú, ceadúnú agus déanamh fabhair mar aon le creat chun soláthraithe ceadúnaithe CPG a bhailíochtú. Anuas air sin, cleachtóirí CPC a chothabháil, critéir chláraithe lena n-airítear cód iompair, caighdeáin faisnéise a fhorbairt, tuairiscí ar chúram othar agus creat iniúchta chliniciúil agus uirlisí a úsáideann na caighdeáin faisnéise. Reáchtáladh trí chruinniú le linn 2017.

### Ballraíocht ar an 31 Nollaig 2017

| Ainm | Réasúnaíocht le bheith mar bhall |
|---|---|
| An tUas Shane Mooney | Cathaoirleach, ball den Chomhairle agus ard-pharaimhíochaineoir |

| | |
|---|---|
| An tUas Fiona McDaid | Ionadaí on gComhairle |
| An tUas Tess O'Donovan | Ionadaí on gComhairle |
| An tUas David O'Connor | Ionadaí ó Sheirbhísí Leighis na bhFórsaí Cosanta |
| An tUas Michael O'Reilly | Ionadaí ó Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath |
| An tUas William Wade | Ionadaí ó sholáthraí ceadúnaithe CPG |
| An tUas Brigid Sinnott | Ionadaí ó eagraíocht neamhrialtasach (NGO) atá dírithe ar an bpobal |
| An tUas David Bradley | Ionadaí ó sholáthraí ceadúnaithe CPG a ritheann seirbhís phríobháideach otharcharranna. |
| An tUas Pamela Skerritt | Ionadaí ó Chomh-Choiste na nEagraíochtaí Deonacha agus Cúnta |
| An Dr Paul O'Connor | Ionadaí ó institiúid tríú leibhéal a bhfuil saineolas aige ar cháilíocht agus sábháilteacht i gcúram sláinte. |
| An tUas Cathriona Molloy | Pléadálaí neamhspleách ar son othar |
| An tUas Ciarán McCullagh | Ionadaí ón tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) de chuid FSS. |

**Athruithe ar an mBallraíocht**

*Thosaigh ballraíocht den Choiste Cáilíochta agus Sábháilteachta i mí Meithimh 2017 tar éis leiriú spéise maidir le baill nua a cheapadh. Ós rud é gur coiste seasta na Comhairle an Coiste Cáilíochta agus Sábháilteachta agus toisc gur bunaíodh ballraíocht nua den Chomhairle i mí na Nollag 2016 cuireadh tús leis an gcoiste seasta ag an bpointe sin.

## Príomhghníomhaíochtaí 2017

- Faomhadh Creat Bailíochtaithe Rialála (GVF) do sholáthraithe ceadúnaithe CPG chun dearbhú do CCPRO gur comhlíonadh rialacha aitheantais agus gur cuireadh tionscnaimh dearbhaithe cáilíochta chun cinn i measc na soláthraithe CPG arna gceadúnú ag CCPRO. (Faomhadh ón gComhairle, Iúil 2017)
- Forbraíodh beartas nua maidir le ceadúnú agus athnuachan soláthraithe CPG (POL003 v6) agus ionchorpraíodh an Creat Bailíochtaithe Rialála sa phróiseas um iarratais agus athnuachan ceadúnas.
- Ionchorpraíodh riachtanais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 isteach sa GVF chun soláthraithe CPG a cheadúnú.
- Rinneadh dianmhachnamh ar fhorbairt an Chreata Bailíochtaithe Rialála agus ar an tslí ina mbaineann sé le soláthraithe CPG agus moladh don Chomhairle an Creat a chur i bhfeidhm. Anuas air sin, rinneadh machnamh mar gheall ar na foirmeacha iarratais agus athnuachana atá le comhlánú ag eagraíochtaí atá ag lorg faofa agus moladh don Chomhairle iad seo a fhaomhadh.
- Foilsíodh Creat Bailíochtaithe Rialála ag Comhdháil de chuid an National Patient Safety Office, Caisleán Bhaile Átha Cliath. (D Fómh 2017)

- Rinneadh machnamh ar Théarmaí Tagartha an Choiste agus moladh don Chomhairle go ndéafaí athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha, le ballraíocht iomlán aonair a chur san áireamh do sholáthraithe ceadúnaithe CPG a chuireann otharcharranna éigeandála ar fáil agus ballraíocht iomlán do sholáthraí ceadúnaithe CPG nach bhfuil seirbhís otharcharranna Reachtúil/Chúnta nó Phríobháideach á cur ar fáil aige, tar éis léiriú spéise a fháil don dá rud.
- Rinneadh machnamh ar mhúnlaí malartacha foirne mar aon le himpleachtaí do shlándáil othar agus tugadh tacaíocht do thaighde atá ar bun chun féachaint ar mhúnlaí a úsáidtear in áiteanna eile, scóp cleachtais agus cumais de chuid cleachtóirí san áireamh.
- Rinneadh machnamh ar chlárú sealadach cleachtóirí iasachta ó stáit eile san AE ar mhian leo oibriú in Éirinn ar feadh tréimhsí gearra. Leanfar leis an obair seo in 2018.
- Moladh don Chomhairle maoiniú a fhaomhadh do Chlár na Stadanna Cairdiacha Lasmuigh den Ospidéal (OHCAR) maidir Gradam Comhpháirtíochta Feidhmí de chuid an Bhoird Taighde Sláinte (HRB) dar teideal *"Out-of-Hospital Cardiac Arrest and Community First Response in Ireland: Building Evidence for Policy and Practice"*
- Cuireadh tús le freagra réamhghníomhach ó CCPRO chun dul i ngleic le heagraíochtaí a choimisiúnaíonn soláthar seirbhísí réamhospidéil, i.e. iad siúd a chuireann imeachtai chun cinn. Chuir an Coiste freagra gníomhach ar bun maidir leis na cásanna ina mbíonn eagraíocht 'neamhaitheanta' ag soláthar cúraim éigeandála réamhospidéil mar aon le dul i ngleic comhthráthach leis an gcoimisineir ar an gcúram sin chun rialacháin CCPRO agus an riosca a bhaineann leo a chur in iúl dóibh.
- Rinneadh monatóireacht ar an gcur i bhfeidhm agus ar an gcothú a bhí ar bun ag soláthraithe CPG maidir le huas-sciliú agus stádas aonair fabhair CPG 2017 agus cuireadh é seo faoi bhráid na Comhairle mar eolas de réir mar ba chuí.
- Rinneadh machnamh ar Caighdeán Faisnéise PCR agus ar an Tuairisc um Chúram Othar chun caighdeáin agus polasaithe nua na Comhairle a chur san áireamh, anuas ar CPGanna maidir le Cúram Maolaitheach ag cleachtóirí aitheanta de chuid CCPRO agus maidir le Dearbhú Báis do pharaimhíochaineoirí agus d'ard-pharaimhíochaineoirí atá cláraithe leis an CCPRO.
- Rinneadh monatóireacht ar chur i bhfeidhm an chláir CPC ag leibhéal EMT.

## Sceideal tinrimh na mBall ar Choiste Cáilíochta agus Sábháilteachta 2017

| Ainm | 19 Meitheamh | 25 Meán Fómhair | 11 Nollaig |
|---|---|---|---|
| Shane Mooney | ✓ | ✓ | ✓ |
| Cathriona Molloy | x | x | x |
| Brigid Sinnott | x | ✓ | x |
| Ciarán McCullagh | ✓ | ✓ | ✓ |
| Michael O'Reilly | ✓ | ✓ | ✓ |
| Pamela Skerritt | ✓ | ✓ | x |
| David Bradley | x | ✓ | ✓ |
| David O'Connor | x | x | ✓ |
| Willie Wade | ✓ | ✓ | x |
| Paul O'Connor | x | x | x |
| Fiona McDaid | x | x | ✓ |
| Tess O'Donovan | x | ✓ | x |

## 2. An Coiste Oideachais agus Caighdeán

Coiste Seasta de chuid na Comhairle. Is iad na téarmaí tagartha ná machnamh a dhéanamh ar pholasaí, cothabháil agus meantóireacht ar fhorbairt sna réimsí seo leanas agus moltaí a dhéanmh don Chomhairle dá réir: Caighdeáin Oideachais agus Oiliúna as a dtagann gradaim NQEMT agus leibhéil Freagróra; caighdeáin dáimhe do theagascóirí cúnta ag leibhéal an chleachtóra, teagascóirí agus éascaitheoirí agus múinteoir leibhéil freagróra; taighde san oideachas agus san oiliúint lena n-áirítear teicneolaíocht atá ag teacht chun solais agus cur le chéile curaclam trialach; aitheantas d'institiúidí a sholáthraíonn NQEMT agus oiliúint leibhéil Freagróra agus cúrsaí aitheantais; monatóireacht ar chomhlíonadh an Chreata um Dhearbhú Cáilíochta agus na gCaighdeán Oideachais agus Oiliúna ó institiúidí aitheanta; scrúduithe NQEMT agus leibhéil Freagróra; stádas údaráis chumasaigh na Comhairle faoi réir ag Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2017 (Aitheantas ar Cháilíochtaí Gairmiúla); aitheantas ar chomhionannas cáilíochtaí gairmiúla; cumas leanúnach gairmiúil.

### Ballraíocht ar an 31 Nollaig 2017

| Ainm | Réasúnaíocht le bheith mar bhall |
|---|---|
| An Dr Shane Knox | Cathaoirleach, ball na Comhairle, Cláraí de chuid CCPRO |
| An tUas Paul Lambert | Leas-Chathaoirleach, Cláraí de chuid CCPRO, Ionadaí ag leibhéal an éascaitheora d'institiúid aitheanta a sholáthraíonn oiliúint pharaimhíochaine |
| An tUas Tess O'Donovan | Ball na Comhairle, altra cláraithe |
| An tUas Róisín McGuire | Cláraí de chuid CCPRO ag leibhéal paraimhíochaine nó an teagascóra pharaimhíochaine |

| | |
|---|---|
| An tUas Raymond Lacey | Cláraí de chuid CCPRO, Ionadaí ag leibhéal an teagascóra ó Choláiste Paraimhíochaineoirí na hÉireann |
| An tUas Peter McDaid | Cláraí de chuid CCPRO, Ionadaí ó eagraíocht neamhrialtasach a bhfuil fócas aici ar an bpobal |
| An tUas Gareth Elbell | Cláraí de chuid CCPRO, Ionadaí ag leibhéal an éascaitheora nó an teagascóra ó institiúidí príobháideacha aitheanta a chuireann oiliúint do theicneoirí leighis ar fáil |
| An tUas Ben Heron | Cláraí de chuid CCPRO, ag leibhéal an éascaitheora nó an teagascóra ón institiúid aitheanta a chuireann oiliúint ard-pharaimhíochaine ar fáil |
| An tUas Chris O'Connor | Cláraí de chuid CCPRO ag leibhéal an ard-pharaimhíochaineora nó an teagascóra pharaimhíochaine |
| An tUas Tom Brady | Cláraí de chuid CCPRO, Ionadaí ag leibhéal an éascaitheora ó institúid aitheanta a chuireann oiliúint pharaimhíochaine ar fáil |
| An tUas Frank Keane | Cláraí de chuid CCPRO, Ionadaí ag leibhéal an eascaitheora ó institúid aitheanta a chuireann oiliúint pharaimhíochaine ar fáil |
| An Dr Adrian Murphy | Cleachtóir leighis, ó institiúid ardoideachais a bhfuil baint aici le hoideachas paraimhíochaine |
| An tUas Niamh O'Leary | Cláraí de chuid CCPRO, Ionadaí ag leibhéal an éascaitheora nó an teagascóra ón gComhchoiste um Sheirbhís Otharcharranna Dheonach agus Chúnta |

Bhí ionadaí na n-othar in easnamh le linn 2017.

Thosaigh an Coiste Oideachais agus Caighdeán i mí Meithimh 2017 tar éis ainmniúcháin a bheith faighte ó institiúidí aitheanta agus tar éis léirithe spéise i gcás cheapachán bhaill eile an Choiste. Rinne an Chomhairle téarmaí tagartha an Choiste a fhaomhadh i mí Márta 2017. Reáchtáladh an chéad chruinniú i mí Meithimh 2017. Tharla 3 chruinniú ar an iomlán.

### Príomhghníomhaíochtaí 2017

- 2017 ab ea an tríú bliain den chéad timthriall trí bliana den Chreat um Dhearbhú Cáilíochta agus mar sin chuir na hinstitiúidí aitheanta plean um dhearbhú cáilíochta ar fáil bunaithe ar an bhféinmheasúnú a rinneadh i mbliain a haon. Rinne an painéal um Dhearbhú Cáilíochta, thar ceann na Comhairle, 11 athbhreithniú lae ar an láthair leis na hisntitúidi aitheanta.
- Thug ionadaithe ó Fheidhmeannacht CCPRO agus an Painéal um Dhearbhú Cáilíochta dhá chuairt dhá lá ar an láthair ar NHS NorthWest Ambulance Services (RA) - suíomh socrúcháin chlinicúil do mhic léinn paraimhíochaine Ollscoil Luimnigh.
- Cuireadh tús le tionscadal chun bainistiú a dhéanamh ar an aistriú ón ngradam QFA/QQI i gcaighdeán náisiúnta d'oiliúint gharchabhrach arna aithint ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta go dtí cúrsa i bhFreagairt Gharchabhrach (FAR) de chuid CCPRO. Thosaigh gníomhaíochtaí éagsúla chun tacú leis an mórthionscadal seo.

i) Bunaíodh meitheal den Choiste Oideachais agus Caighdeán chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chaighdeán Oideachais agus Oiliúna FAR. Mar chuid de seo athbhreithníodh na Treoirlínte um Chleachtas Cliniciúil agus ionchur na bpáirtithe leasmhara.
ii) mapáil ar an bpróiseas iarratais agus measúnaithe don stádas mar insititiúid aitheanta agus ar an bpróiseas chun cúrsa a fhaomhadh i dtairseach ar líne chomhtháite a fhorbairt d'aighneachtaí leictreonacha. Is chun teacht in áit an chórais atá bunaithe ar pháipéar é seo agus chun é a chomhtháthú leis an gcóras bunachar sonraí.

- Bunaíodh fochoiste um Chumas Gairmiúil Leanúnach chun caighdeán a fhorbairt do Chumas Gairmiúil Leanúnach Ard-Pharamhíochaine. (1ú Chruinniú, Samh 2017)
- Bunaíodh fochoiste chun súil siar a chaitheamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar Chaighdeán Scrúdaithe Paramhíochaine NQEMT. Forbaríodh caighdeán idir an dá linn mar chuid de seo.

## Sceideal tinrimh na mBall ar Choiste Oideachais agus Caighdeán 2017

Tabhair faoi deara nach raibh ballraíocht iomlán ar an gCoiste go dtí mí Mheán Fómhair de bharr an phróisis léirithe spéise agus mar sin tá n/a tugtha i gcás ball áirithe nár fhreastail ar an gcéad chruinniú.

| Ainm | 27 Meitheamh | 5 M Fómh | 7 Samh |
|---|---|---|---|
| Shane Knox | ✓ | ✓ | ✓ |
| Paul Lambert | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tess O'Donovan | ✓ | ✓ | ✓ |
| Raymond Lacey | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tom Brady | ✓ | X | ✓ |
| Ben Heron | X | ✓ | X |
| Gareth Ebell | n/a | ✓ | ✓ |
| Chris O'Connor | n/a | ✓ | ✓ |
| Frank Keane | ✓ | ✓ | ✓ |
| Niamh O'Leary | ✓ | ✓ | ✓ |
| Róisín McGuire | n/a | ✓ | ✓ |
| Peter McDaid | n/a | ✓ | ✓ |
| Adrian Murphy | n/a | ✓ | X |

## 3. An Coiste Comhairleach Leighis (MAC)

Coiste Seasta de chuid na Comhairle. Coiste saineolaíoch is ea MAC a phléann le cúrsaí cliniciúla de réir mar a fhaigheann sé iad ón gComhairle, ón gCoiste Cáilíochta agus Sábháilteachta nó ón gCoiste Oideachais agus Caighdeán. Tharla ceithre chruinniú le linn 2017.

### Ballraíocht ar an 31 Nollaig 2017

| Ainm | Réasúnaíocht le bheith mar bhall |
|---|---|
| An Dr David Menzies | Cathaoirleach, ball na Comhairle agus cleachtóir leighis cláraithe. |
| An tUas David Irwin | Leas-Chathaoirleach arna ainmniú ag an gCathaoirleach. |
| An Dr Niamh Collins | Comhairleoir sa Leigheas Éigeandála arna ainmniú ag an gCoiste um Oiliúint sa Leigheas Éigeandála in Éirinn |
| An Dr Mick Molloy | Ball na Comhairle agus cleachtóir leighis cláraithe |
| An Dr Jason van der Velde | Ball na Comhairle agus cleachtóir leighis cláraithe |
| An Dr Stanley Koe | Comhairleoir sa Leigheas Éigeandála Péidiatrach arna ainmniú ag |

| | |
|---|---|
| | Cumann an Leighis Éigeandála in Éirinn |
| An Dr Lisa Cunningham Gutrie | Arna hainmniú ag Cathaoirleach an Choiste Comhairleach Leighis |
| An tUas Mark Dixon | Ionadaí, ag leibhéal cleachtóra leighis nó cleachtóra chláraithe leighis CCPRO, d'institiúid aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ag leibhéil an Pharaimhíochaineora (OL) |
| An tUas David Hennelly | Arna ainmniú ag Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh Leighis |
| An tUas Eoghan Connolly | Cleachtóir cláraithe le CCPRO arna ainmniú ag Coláiste Paraimhíochaineoirí Éireann |
| An tUas Macartan Hughes | Ionadaí, ag leibhéal cleachtóra leighis nó cleachtóra cláraithe leighis CCPRO, d'institiúid aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ag leibhéil an Pharaimhíochaineora (NASC) |
| An Dr Shane Knox | Caothaoirleach ar an gCoiste Oideachais agus Caighdeán |
| An tUas Ian Brennan | Ionadaí, ag leibhéal cleachtóra leighis nó cleachtóra cláraithe leighis CCPRO, ó Chomchoiste na nEagraíochtaí Deonacha agus Cúnta |
| An tUas Hillery Collins | Ball na Comhairle agus cleachtóir leighis de chuid CCPRO |
| An tUas Shane Mooney | Cathaoirleach ar an gCoiste Cáilíochta agus Sábháilteachta |
| An tUas Martin O'Reilly | Ionadaí, ag leibhéal cleachtóra leighis nó cleachtóra cláraithe leighis CCPRO, d'Institiúid Aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ag leibhéil an Pharaimhíochaineora (DFB) |
| An Dr Cathal O'Donnell | Stiúrthóir Leighis ar sheirbhís reachtúil otharcharranna (NAS) |
| An Dr Peter O'Connor | Stiúrthóir Leighis ar sheirbhís reachtúil otharcharranna (DFB) |
| An tOll Gerard Bury | Ionadaí, ag leibhéal cleachtóra leighis nó cleachtóra cláraithe leighis CCPRO, d'institiúid aitheanta a sholáthraíonn oiliúint ag leibhéil an Ard-Pharaimhíochaineora (UCD) |

Comhaontaíodh téarmaí tagartha an Choiste Chomhairligh Leighis ag cruinniú na Comhairle an 5 Aibreán 2017 agus níor socraíodh ar na baill go dtí deireadh Aibreán 2017.

## Príomhghníomhaíochtaí 2017

- Leasaíodh CPGanna 2017 tar éis tréimhse chun socrú síos agus tar éis aiseolas a lorg ó chleachtóirí.
- Thosaigh an fochoiste um chúram cliniciúil i rith imeachta ag déanamh machnaimh ar chúrsaí.

- Thosaigh machnamh ar shábháilteacht cógas le linn toirchis.
- Eisíodh fógra sábháilteachta d'othair maidir le dífhibriliú seichimh dhúbailte.
- Thángthas ar choinbhinsiún maidir le haois go ndéanfar tagairt di mar ≤ x nó ≥ y as seo amach.
- Thángthas ar choinbhinsiún maidir le dáileog chógais de níos lú ná 1 mg go ndéanfar tagairt di i micreagraim (mcg)as seo amach.

## Sceideal tinrimh na mBall ar Choiste Comhairleach Leighis 2017

| Ainm | 26 Bealtaine | 29 Meitheamh | 29 Meán Fómhair | 24 Samh |
|---|---|---|---|---|
| David Menzies (Cathaoirleach) | √ | √ | √ | √ |
| David Irwin | √ | X | √ | √ |
| Niamh Collins | X | √ | √ | √ |
| Mick Molloy | √ | √ | X | √ |
| Jason van-der Velde | √ | X | √ | √ |
| Stanley Koe | √ | √ | X | X |
| Lisa Cunningham Gutrie | X | √ | X | √ |
| Mark Dixon | √ | X | X | √ |
| David Hennelly | √ | √ | X | X |
| Eoghan Connolly | √ | X | √ | X |
| Macartan Hughes | √ | X | √ | √ |
| Shane Knox | √ | √ | X | √ |
| Ian Brennan | √ | X | √ | X |
| Hillery Collins | √ | √ | √ | X |
| Shane Mooney | √ | X | √ | X |
| Martin O'Reilly | √ | √ | X | √ |
| Cathal O'Donnell | √ | X | √ | X |
| Peter O'Connor | √ | √ | √ | √ |
| Gerard Bury | X | X | X | X |



Is gníomhaireacht reachtúil neamhspleách í an Chomhairle a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint i gcúram éigeandála reámhospidéil.

## 4. An Coiste Seachadta Tosaíochta

Coiste Seasta de chuid na Comhairle is ea an Coiste Seachadta Tosaíochta. Faomhtar ballraíocht an Choiste Seachadta Tosaíochta chun a ról a léiriú mar ghrúpa saineolaíoch chun machnamh a dhéanamh ar chúrsaí seachadta tosaíochta agus moltaí a thabhairt don Chomhairle dá réir. Tharla cruinniú amháin le linn 2017.

### Ballraíocht ar an 31 Nollaig 2017

| Ainm | Réasúnaíocht le bheith mar bhall |
|---|---|
| An tUas Stephen Brady | Cathaoirleach agus Ball na Comhairle |
| An tUas John Brady | Bainisteoir Rialaithe na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna de chuid FSS (spéis ar leith aige in AMPDS) |
| An tUas Brian Byrne | Freagróir glaonna/riarthóir seachadta, ó sheirbhís reachtúil otharcharranna (NAS) |
| An tUas Robert Howell | Freagróir glaonna/riarthóir seachadta, ó sheirbhís reachtúil otharcharranna (DFB) |
| An tUas Anne McCabe | Bainiseoir Clár, Clar um Iompar Náisiúnta Leighis |
| An tUas Andrew McCrae | Cleachtóir cláraithe Feidhmíochta CCPRO |
| An Dr David Menzies | Cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach Leighis |
| An tUas John Moody | Oifigeach Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliatha (spéis ar leith aige in AMPDS) |
| An Dr Peter O'Connor | Stiúrthóir Leighis ar Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (DFB) |
| An Dr Cathal O'Donnell | Stiúrthóir Leighis ar an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna de chuid FSS (NAS) |
| An tUas Martin O'Reilly | Oifigeach Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliatha (spéis ar leith aige in AMPDS) |
| An tUas Derek Scott | Oifigeach Oiliúna agus Dearbhaithe Cáiliíochta den tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna de chuid FSS (agus spéis ar leith aige in AMPDS) |
| An Dr Illona Duffy | Ainmní ó Chomharchumann na nDochtúrí Ginearálta lasmuigh d ghnáthuaireanta |
| Folamh | Cleachtóir cláraithe de chuid CCPRO ón gComhairle |

Comhaontaíodh téarmaí tagartha an Choiste Seachadta Tosaíochta ag cruinniú na Comhairle an 5 Aibreán 2017 agus níor socraíodh ar na baill go dtí deireadh Mheitheamh 2017.

### Príomhghníomhaíochtaí 2017

- Cuireadh Prótacal 37 go hiomlán i bhfeidhm sna hospidéil ghéarmhíochaine ar fud na tíre agus thug CCPRO rialáil feidhmíochta Phrótacal 37 uaidh ag deireadh mhí na Nollag 2017.

## Sceideal Tinreamh na mBall ar Choiste Seachadta Tosaíochta 2017

| Ainm | 9 D Fómh |
|---|---|
| Stephen Brady (Cathaoirleach) | √ |
| John Brady | X |
| Brian Byrne | X |
| Robert Howell | X |
| Anne McCabe | √ |
| Andrew McCrae | √ |
| David Menzies | √ |
| John Moody | √ |
| Peter O'Connor | X |
| Cathal O'Donnell | √ |
| Martin O'Reilly | √ |
| Derek Scott | √ |
| Illona Duffy | x |

## 5. An Coiste um Oiriúnacht chun Cleachtaidh

Coiste de chuid na Comhairle is ea an Coiste um Oiriúnacht chun Cleachtaidh (FTP) agus déanann sé fiosruithe maidir le líomhaintí mí-iompair nó mí-oiriúnachta chun cleachtaidh i measc cleachtóirí éigeandála reamhospidéil. Tharla éisteacht amháin de chuid FTP le linn 2017.

## 6. An Coiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta

Coiste de chuid na Comhairle is ea an Coiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta agus cuireann sé tuairiscí faoina bráid maidir le cúrsaí éagsúla, ina measc: cur síos a dhéanamh ar chórais

chuntasaíochta agus rialála inmheánacha agus ar cé chomh mór agus cé chomh héifeachtach is atá siadsan; athbhreithniú ar rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, maoirseacht airgeadais agus soláthairtí le haghaidh sceithrí. Tharla ceithre chruinniú le linn 2017.

## Ballraíocht ar an 31 Nollaig 2017

| Ainm | Réasúnaíocht le bheith mar bhall |
|---|---|
| An tUas Con Foley, FCCA | Cathaoirleach agus ball seachtrach atá ina chuntasóir cáilithe |
| An tUas Patrick Clifford | Saineolaí airgeadais a bhfuil taithí aige ar an earnáil sláinte poiblí |
| An tUas Stephen Brady | Ball na Comhairle |
| An tOll Patrick Plunkett | Ball na Comhairle |
| An tUas Jacqueline Egan | Ball foirne de chuid CCPRO |

**Athruithe ar an mBallraíocht**

I mí Meithimh 2016 is ea a chuaigh an bhallraíocht dheireanach den Choiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta in éag mar Choiste Seasta na Comhairle. Ceapadh an Coiste reatha i mí Feabhra 2017 agus cuireadh an tOllamh Patrick Plunkett agus an tUas Stephen Brady in áit an Uas Michael Brennan agus an Uas Dermott Magan.

## Sceideal Tinrimh na mball ar Choiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta 2017

| Ainm | 26 Bealtaine | 29 Meitheamh | 29 Meán Fómhair | 24 Samh |
|---|---|---|---|---|
| Con Foley (Cathaoirleach) | √ | √ | √ | √ |
| Stephen Brady | √ | √ | √ | √ |
| Jacqueline Egan | √ | √ | √ | √ |
| Patrick Clifford | √ | √ | √ | √ |
| Patrick Plunkett | √ | √ | √ | X |

## Painéil agus Grúpaí

## A. An Grúpa um Cháilíocht Scrúduithe

Ceann de chritéir bhallraíochta don Ghrúpa um Cháilíocht Scrúdaithe ná go gcaithfidh na baill a bheith ar Phainéil Scrúdaitheoirí de chuid CCPRO. Faoi réir ag téarmaí tagartha atá aige déanann an grúpa athbhreithniú ar ghnéithe a bhaineann le scrúduithe agus leis an tráthúlacht mar aon le

hábhar, an pasmharc agus critéir mar gheall ar atrialacha anuas ar chritéir na scrúdaitheoirí, na hoiliúna agus na feidhmíochta.

## Ballraíocht ar an 31 Nollaig 2017

| Ainm | Réasúnaíocht le bheith mar bhall |
|---|---|
| An tUas Jacqueline Egan | Cathaoirleach, Oifigeach Forbartha Clár de chuid CCPRO |
| An tUas Brian Power | Oifigeach Forbartha Clár de chuid CCPRO |
| An tUas Julie Woods | Scrúdaitheoir de chuid CCPRO |
| An tUas Mr Ray Carney | Scrúdaitheoir de chuid CCPRO |
| An tUas Ricky Ellis | Scrúdaitheoir de chuid CCPRO |
| An tUas Ben Heron | Scrúdaitheoir de chuid CCPRO |
| An tUas Lawrence Kenna | Scrúdaitheoir de chuid CCPRO |
| An Dr Shane Knox | Scrúdaitheoir de chuid CCPRO |
| An tUas Paul Lambert | Scrúdaitheoir de chuid CCPRO |
| An tUas David Sherwin | Scrúdaitheoir de chuid CCPRO |
| An tUas Mark Wilson | Scrúdaitheoir de chuid CCPRO |

Níor tháinig aon athrú ar an mballraíocht sa bhliain 2017

### Príomhghníomhaíochtaí 2017

- Rinneadh athbhreithniú ag leibhéal an pharaimhíochaineora agus EMT ar bhainc ceisteanna MCQ, bainc míreanna agus bileoga measúnaithe scileanna SWA faoi réir ag foilsiú eagrán 2017 de na CPGanna.
- Tugadh faoi anailís ar mhír tástála de bhanc EMT MTQ.
- Cuireadh dearbhú cáilíochta ar fáil in EMT de chuid CCPRO agus OSCEnna Paraimhíochaine.

## B. Painéal Scríofa Míre Tástála

Forbraíonn an Painéal Scríofa Míre Tástála ábhar míre tástála scrúdaithe chun freastal ar riachtanas CCPRO maidir le MQEMT agus scrúduithe ag leibhéal an Fhreagróra. Tionóladh cruinniú amháin sa bhliain 2017.

## C. An Painéal Achomharc

Ceapann an Chomhairle an Painéal Achomharc. Sonraítear sna téarmaí tagartha go ndéanann an Painéal Achomharc na hachomhairc maidir le cinntí an Stiúrthóra a mheas agus go dtugann sé breithiúnas ar na hachomhairc sin. Níor tháinig an Painéal Achomharc le chéile le linn 2017.

## D. An Painéal Scrúdaitheoirí

Sonraítear sna téarmaí tagartha go ndéanann baill an Phainéil Scrúdaitheoirí iarrthóirí i scrúduithe NQEMT a mheas. Tá an bhallraíocht arna hainmniú ag comhlacht leighis, altranais nó oiliúna, soláthraí cúraim éigeandála réamhospidéil arna gceadúnú ag CPG nó ag institiúid aitheanta. Ní foláir do bhaill tabhairt faoi oiliúint scrúdaitheoirí de chuid CCPRO nó faoi chúrsa athnuachana de réir mar a theastaíonn.

Tá 95 ball gníomhach ar an bpainéal. Níor tháinig aon athrú ar an bpainéal seo le linn 2017. Is féidir teacht ar shonraí na mball ag http://www.phecit.ie/.

### Príomhghníomhaíochtaí 2017


- Cuireadh 435 NQEMT EMT iarrthóir de chuid CCPRO faoi scrúdú.
- Rinneadh 201 ceartúchán ar pháipéirí Freagraí Scríofa Gearra (SWA).
- Cuireadh tús le measúnuithe OCSE le haghaidh iarrthóirí paraimhíochaine de chuid CCPRO arís. Forbraíodh OSCE mar RInna sa bhliain 2012 agus ghlac CCPRO leis an bhfeagracht arís sa bhliain 2017 maidir le forbairt ábhar, bainistiú agus soláthar OSCEnna paraimhíochaine.

# Coiste Feidhmiúcháin CCPRO

| | |
|---|---|
| Peter Dennehy | Stiúrthóir |
| Barry O'Sullivan | Stiúrthóir Tánaisteach agus Cláraitheoir |
| Marian Spence | Rúnaí na Comhairle agus Oifigeach Creidiúnaithe |
| Marion O'Malley | Bainisteoir Gnó |
| Brian Power | Oifigeach Forbartha Clár |
| Jacqueline Egan | Oifigeach Forbartha Clár |
| Kathleen Walsh | Oifigeach Forbartha Clár |
| Margaret Bracken | Oifigeach Tacaíochta Forbartha Clár |
| Claire Finn | Oifigeach um Chlárú |
| John Lally | TFC agus Oifigeach Tacaíochta Riaracháin |
| Liz Dempsey | Oifigeach Scrúduithe |
| Beth Breslin | Oifigeach Tacaíóchta Seirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha |
| Breda Sheridan | Oifigeach Cléireachais um Scrúduithe agus Fáiltiú |
| AM Hollowed | Oifigeach Cléireachais um Chlárú agus Failtiú |

**Athruithe ar Fhoireann CCPRO**
Tá Pauline Dempsey ar iasacht go dtí An Roinn Sláinte agus tá Kathleen Walsh ina háit.
Tá Anne Keogh ar iasacht go dtí FSS.

Tá Ricky Ellis ar iasacht go dtí CCPRO ó DFB.
Tá Deirdre Borland ar iasacht go dtí Tusla.



# Ráitis Airgeadais 2017

## AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM PRÁINNE RÉAMH-OSPIDÉIL

RÁITIS AIRGEADAIS

don

BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017

Rinne an Chomhairle na ráitis seo a fhaomhadh ar an 13 Nollaig 2018,
agus chuir sí iad faoi bhráid OCAG agus táthar ag fanacht le Teastas Iniúchóireachta anois.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC BHAILL NA COMHAIRLE

### Rialachas

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúínt sa réimse cúraim éigeanandála réamhospidéil in Éirinn. Bhunaigh an tAire Sláinte an Chomhairle mar chomhlacht corpraithe trí Ionstraim Reachtúil Uimhir 109 de 2000 (An tOrdú Bunaithe) a leasaíodh trí Ionstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 (An tOrdú Leasaithe). Rinneadh na hOrduithe seo faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 arna leasú agus arna dtabhairt faoi phríomhreachtaíocht leis an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.

Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach sna hOrduithe Bunaithe. Tá CCPRO freagrach don Aire Sláinte agus tá an dualgas air dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar phríomhcheisteanna gnó uile. Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann shinsearach bhainistíochta freagrach as gnáthbhainistiú ó lá go lá de chuid CCPRO mar aon lena rialú agus a threoir. Ní foláir don Stiúrthóir agus don fhoireann shinsearach bhainistíochta treoir leathan straitéiseach na Comhairle a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag baill uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí maidir leis an eintiteas agus na rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh tarlú. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar theagmháil dhíreach idir an Chomhairle agus bainisteoirí CCPRO.

### Fregrachtaí Bhall na Comhairle

Tá obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach i Lámhleabhar Bhall na Comhairle agus tá na ceisteanna ann chomh maith a bhíonn le réiteach ag CCPRO amháin.

Éilíonn Airteagal 25 d'Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 (IR 109/2000) ar an gComhairle ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais ina dtugtar léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais den Chomhailre agus dá hioncam agus caiteachas le haghaidh na tréimse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige caithfidh an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil na nithe seo leanas a dhéanamh:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach
- Breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus ciallmhar
- Cuntais chuí a choimeád ar an ngnáthairgead a fhaigheann agus a chaitheann sé i bhformáid a ghlacfaidh an tAire Sláinte léi le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- A chur in iúl má leanadh caighdeáin chuntasíochtaí chuí, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha a bheidh nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnta ag uair ar bith, a staid airgeadais, rud a chabhraíonn léi deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Airteagal 25 d'Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 (IR 109/2000). Ina theannta sin, tá an Chomhairle freagrach as a sócmhainní a chosaint agus mar sin as na céimeanna cuí a thógaint chun caimiléireacht agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Déanann an Chomhairle an fheidmíocht a mheas ag deireadh na bliana airgeadais. Is é tuairim na Comhairle na go dtugann ráitis airgeadais na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil léargas fíor agus cothrom ar fheidmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil ar an 31 Nollaig 2017.

## Struchtúr na Comhairle

Tá Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus 15 ghnáthbhall sa Chomhairle agus tá siad go léir ceaptha ag an Aire Sláinte.

Tá ballraíocht na Comhairle déanta de suas de sheacht mball déag ar a mhéid arna gceapadh ag an Aire Sláinte:

| **Ainm** | **Dáta an Cheapacháin** |
|---|---|
| An Dr Jacqueline Burke | 06/12/16 |
| An tUas Hillery Collins | 06/12/16 |
| An tUas Patrick Hanafin | 06/12/16 |
| An tUas Shane Mooney | 06/12/16 |
| An Dr Shane Knox | 30/06/16 |
| An tUas Stephen Brady | 30/06/16 |
| An tUas Tess O' Donovan | 30/06/16 |
| An tUas Martin Dunne | 30/06/16 |

| | |
|---|---|
| An Dr Conor Deasy | 30/06/16 |
| An tUas Jimmy Jordan | 29/06/17 |
| An tUas Thomas Keane | 22/02/17 |
| An tOll Patrick Plunkett | 30/06/16 |
| An Dr Mick Molloy | 22/02/17 |
| An Dr David Menzies | 06/12/16 |
| An tUas Fiona Mc Daid | 06/12/16 |
| An tUas Patrick Fleming | 06/12/16 |
| An Dr Jason van der Velde | 22/02/17 |

Is iad príomhfheidhmeanna CCPRO ná:

- Deimhin a dhéanamh de go n-úsáidtear an cleachtas comhaimseartha is fearr in institiúidí oiliúna, ábhar cúrsaí agus scrúduithe sa Chéad Fhreagairt agus i dteicneolaíocht leighis éigeandála
- Deimhin a dhéanamh de go mbaineann Freagróirí agus Cleachtóirí cúraim éigeandála cumas amach ag an gcaighdeán feidhmíochta cuí agus go gcoimeádann siad é
- Cur i bhfeidhm treorlínte cleachtais chliniciúil a ullmhú agus a chur chun cinn i gcúram éigandála réamhospidéil
- Teacht ar an eolas cuí agus é a urrú agus a chur chun cinn i bhforbairt cúraim éigeandála réamhospidéil in Éirinn
- Caighdeáin oibríochta do sholáthraithe cúraim éigeandála réamhospidéil a ullmhú chun tacú leis an gcleachtas is fearr
- Clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamhospidéil a bhunú agus a choimeád
- Na soláthraithe cúraim éigeandála réamhospidéil siúd a aithint a dhearbhaíonn go gcuirfidh siad na treoirlínte sa chleachtas cliniciúil i bhfeidhm.

Tá 6 Choiste Sheasta bunaithe ag an gComhairle:

1. ***An Coiste Cáilíochta agus Sábháilteachta*** - Sonraítear sna téarmaí tagartha gur cheart don choiste moltaí a mheas agus a dhéanamh don Chomhairle maidir le cúrsaí beartais a bhaineann le nithe éagsúla, ina measc, critéir chláraithe lena n-áirítear cód iompair, cothú cumais an chleachtóra ag an gcaighdeán feidhmíochta cuí (CPC), creat cleachtais a chumsíonn faomhadh dintiúirí, ceadúnú agus fabhar de chleachtóirí cúraim éigeandála réamhospidéil. Cuirtear san áireamh chomh maith caighdeáin faisnéise, creat iniúchóireachta cliniciúla agus faomhadh soláthraí ceadúnaithe chun treoirlínte cleachtais chliniciúil (CPGanna). 3 Chruinniú

2. ***An Coiste Oideachais agus Caighdeán*** - Sonraítear sna téarmaí tagartha gur cheart don choiste moltaí a mheas agus a dhéanamh don Chomhairle maidir le cúrsaí beartais a bhaineann le nithe éagsúla, ina measc, oideachas agus caighdeáin, institiúidí a aithint, aitheantas ar chomhionannas cáilíochtaí gairmiúla bronnta ag institiúidí sa stát agus lasmuigh de; agus cothú agus monatóireacht a dhéanamh ar institiúidí. 3 Chruinniú.

3. ***An Coiste Comhairleach Leighis*** - Coiste sainiúil is ea an MAC a dhéanann ceisteanna

cliniciúla a mheas faoi mar a chuireann an Chomhairle, an Coiste Cáilíochta agus Sábháilteachta nó an Coiste Oideachais agus Caighdeán faoina bhráid iad. 4 Chruinniú

4. ***An Coiste Seachadta Tosaíochta*** - Coiste seasta é seo de chuid na Comhairle. Faomhtar ballraíocht an Choiste Seachadta Tosaíochta chun a ról a léiriú mar ghrúpa saineolaíoch chun machnamh a dhéanamh ar chúrsaí seachadta tosaíochta agus moltaí a thabhairt don Chomhairle dá réir. 1 Chruinniú

5. ***An Coiste um Oiriúnacht chun Cleachtaidh*** - Seo coiste de chuid na Comhairle a chuireann fiosruithe ar bun maidir le líomhaintí mí-iompair ghairmiúil nó mí-oiriúnacht chun cleachtaidh i measc soláthraithe cúraim éigeandála. 1 éisteacht.

6. ***An Coiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta*** - Is coiste de chuid na Comhairle é seo agus cuireann sé tuairiscí faoina bráid maidir le cúrsaí éagsúla, ina measc: cur síos a dhéanamh ar chórais chuntasaíochta agus rialála inmheánacha agus ar cé chomh mór agus cé chomh héifeachtach is atá siadsan; athbhreithniú ar rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, maoirseacht airgeadais agus soláthairtí le haghaidh sceithrí. 3 Chruinniú

Anuas air sin, tá na Meithleacha agus Painéil seo leanas ag an gComhairle:

- An Grúpa um Cháilíocht Scrúduithe
- An Grúpa um Scríbhneoireacht Míreanna Tástála
- An Painéal Achomharc
- An Painéal Scrúdaitheoirí

**Sceideal Tinrimh agus Costais**

| Comhairle Ball | Comhairle | Oideachas agus Caighdeáin | Cáilíocht agus Sábháilteacht | Comhairle Mhíochaine | Seachadadh Tosaíochta | Comhlíonadh agus Iniúchóireacht | Costais Fhaofa |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | € |
| Conor Deasy | 6 | | | | | | 1,992 |
| David Menzies | 9 | | | 4 | 1 | | 1,425 |
| Fiona McDaid | 7 | | 1 | | | | 397 |
| Hillery Collins | 10 | 2 | | 3 | | | 4,089 |
| Jacqueline Burke | 10 | 1 | | | | | 491 |
| Jimmy Jordan | 2 | | | | | | 111 |
| Jason van der Velde | 9 | | | 3 | | | 6,678 |
| Mick Molloy | 9 | | | 3 | | | 413 |
| Pat Hanafin | 10 | | | | | | 5,951 |
| Patrick Plunkett | 6 | | | | | 3 | 341 |
| Stephen Brady | 8 | | | | 1 | 3 | 459 |
| Shane Knox | 10 | 3 | | 3 | | | 5,947 |
| Shane Mooney | 10 | 1 | 3 | 2 | | | 3,099 |
| Thomas Keane | 7 | | | | | | 261 |
| Tess O'Donovan | 9 | 3 | 1 | | | | 5,579 |
| Martin Dunne | 8 | | | | | | 0 |
| Patrick Fleming | 5 | | | | | | 0 |
| **Iomlán** | | | | | | | **€37,233** |

Nóta: Ní dhíoltar táille le baill na Comhairle.

**Athruithe ar Bhallraíocht na Comhairle**

Leasaigh an tAire ballraíocht na Comhairle mar seo leanas;

| | |
|---|---|
| An tUas Jimmy Jordan | Arna cheapadh ó 29/06/17 |
| An tUas Thomas Keane | Arna athcheapadh ó 22/02/17 |
| An Dr Mick Molloy | Arna athcheapadh ó 22/02/17 |
| Dr Jason van der Velde | Arna cheapadh ó 22/02/17 |

Titeann sé ar an gComhairle deimhin a dhéanamh de go bhfuil CCPRO tar éis riachtanais an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialáil ("an Cód") a chomhlíonadh, de réir mar atá foilsithe ag An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear sa Chód nach mór nithe áirithe a nochtadh.

**Briseadh Síos ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe**

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo leanas:

| **Raon** | **Líon na** | **bhFostaithe** |
|---|---|---|
| **Ó Go dtí** | **2017** | **2016** |
| €60,000 - €69,999 | 0 | 0 |
| €70,000 - €79,999 | 3 | 3 |
| €80,000 - €90,000 | 2 | 2 |

Ar mhaithe leis an nochtú seo, áirítear i sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach a eisíann ÁSPC.

**Costais Chomhairleoireachta**

Áirítear sna costais chomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairleoireacht sheachtrach ach ní áirítear iontu na feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a chuirtear amach.

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Táillí Gairmiúla (Comhairleoireacht TFC) | 0 | 11,504 |
| Táillí gairmiúla (Ionduchtú na Comhairle) | 7,995 | 0 |
| Táillí gairmiúla (Ceannach Beech House) | 3,750 | 0 |
| Táillí gairmiúla (Comhairleoireacht um Athbhreithniú na hEagraíochta) | 8,205 | 0 |
| **Iomlán** | **19,950** | **11,504** |

**Costais Dhlíthiúla agus Réitigh**

Tugtar sa tábla thíos briseadh síos ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas le linn thréimhse na tuairisce seo maidir le costais dhlítiúla, reitigh agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsítear asneo an caiteachas a thabhaítear i leith na comhairle ginearálta dlithiúla a fuarthas.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí gairmiúla (Dlíthiúil) | 24,524 | 28,513 |
| **Iomlán** | **24,524** | **28,513** |

**Taisteal agus Cothabháil**

Tá taisteal agus cothabháil arna gcatagóiriú mar seo leanas:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Násiúnta | | |
| Baill na Comhairle* | 34,129 | 4,587 |
| Baill Foirne | 56,222 | 60,432 |
| Idirnáisiúnta | | |
| Baill na Comhairle* | 3,104 | 0 |
| Baill Foirne | 3,215 | 7,790 |
| **Iomlán** | **96,670** | **72,809** |

* seo na méideanna taistil agus cothabhála (€37,233) a íoctar go díreach le Baill na Comhairle le linn 2017 (2016: €4,587).


**Caiteachas Fáilteachais**

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caitheachais an caiteachas fáilteachas seo leanas

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas foirne | 514 | 550 |
| **Iomlán** | **514** | **550** |

**Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Tá glactha ag an gComhairle leis an gCód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialáil (2016) agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aici le cinntiú go gcomhlíonfar an Cód. Bhí an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialáil arna chomhlíonadh ina iomláine ag CCPRO sa bhliain 2017.



An Dr. J. Burke
Cathaoirleach



An tUas. Richard Lodge
Stiúrthóir

Dáta: 21 Nollaig 2018

# RÁITEAS FAOIN RIALÚ AIRGEADAIS

**Scóp Freagrachta**

Thar ceann na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO), aithnímid freagracht na Comhairle chun deimhin a dhéanamh de go gcoimeádfar agus go bhfeidhmeofar córas éifeachtach rialálaithe inmheánaigh. Tógtar san áireamh sa fhreagracht riachtanais an Chóid Cleachtais um Chomhalchtaí Stáit a Rialú (2016). Tá CCPRO, tríd an Stiúrthóir, freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chóras rialaithe inmheánaigh agus as dearbhuithe a chur ar fáil don Chomhairle.

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Ceaptar córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a mhaolú seachas é a chur ar ceal. Ní féidir le córas mar é ach dearbhú réasúnta seachas iomlán a chur ar fáil go gcosnófar sócmhainní, go n-údarófar idirbhearta agus go ndéanfar taifead cuí orthu, go cuirfear cosc ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go ndéanfar iad a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá faoi réir ag treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bunaithe ar feadh bliana ag CCPRO ag an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**Acmhainneacht chun Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta (C & AC) bunaithe ag an gComhairle chun tacú leo ina gcuid dulagas maidir le ceisteanna riosca, rialaithe, rialachais agus comhlíonta trí athbhreithniú a dheanamh ar chuimsitheacht dearbhuithe chun freagairt do riachtanais dearbhaithe na Comhairle agus an Oifigigh Chuntasaíochta agus ar iontaofacht agus sláine na ndearbhuithe céanna.

Cuireann an Coiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta roimhe:

- maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh
- laghdú a dhéanamh ar riosca corparáideach tríd an gcóras tuairiscithe um bainistíocht mhaitríse riosca
- laghdú a dhéanamh ar an riosca do phearsanra CCPRO trína bheartais Sláinte agus Sábháilteachta
- optamú a dhéanamh ar leibhéal fregartha na heagraíochta maidir le hiarratais ar chomhlíonadh

Agus gan dearmad a dhéanamh gurb é príomh-mhisean CCPRO ná athrú ar an gcóras um chúram sláinte a chur chun cinn. Tá riosca i gceist leis seo ó nádúr. Is é ról C & AC ná an riosca seo a mhaolú chomh mór agus is féidir.

Ar an gCoiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta tá:

- Beirt bhall den Chomhairle
- Beirt bhall sheachtracha neamhspleácha, duine acu a bheidh mar chathaoirleach agus cáilithe a bheidh de réir mar is cuí i gcúrsaí cuntasaíochta agus iniúchóireachta
- Tabharfaidh feidhmeannas CCPRO feidhm rúnaíochta don Choiste Comhlíonta agus

Iniúchóireachta

- Ball foirne CCPRO ar bhonn sealaíochta bliantúil
- Tá an Ceann ar Sheirbhísí Corparáideacha ina bhall ex-officio den Choiste.
- Tuairiscíonn C & AC i scríbhinn chuig an gComhairle, agus cuireann sé Tuarascáil Bhliantúil ar fáil don Chomhairle, atá déanta in am trátha chun tacú leis an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais, ina bhfuil achoimre ar a chonclúidí maidir leis an obair atá déanta aige le linn na bliana.

Tugann an Coiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta moltaí don Chomhairle maidir le:

- na próisis straitéiseacha i dtaca le riosca, rialú inmheánach, rialachas agus comhlíonadh;
- polasaithe cuntasaíochta, ráitis airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil na heagraíochta, lena n-áirítear an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula ndéanfar iniúchóireacht orthu, leibhéil na n-earráidí a aithníodh, litir ionadaíochta na fóirne bainistíochta go dtí na hiniúchóirí seachtracha;
- an ghníomhaíocht atá beartaithe agus torthaí na hiniúchóireachta ar bhonn inmheánach agus seachtrach;
- leordhóthanacht fhreagra an lucht bainistíochta ar cheisteanna a eascraíonn as gníomhaíocht iniúchóireachta, lena n-áirítear litir fhoireann bhainistíochta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste [OCAG];
- dearbhuithe i dtaca le bainistiú riosca, rialachas corparáideach agus riachtanais chomhlíonta CCPRO;
- tograí um thairiscintí maidir le seirbhísí iniúchóireachta inmheánacha nó ceannach seirbhísí neamh-iniúchóireachta ó chonraitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta;
- beartais frith-chalaoise, próisis um nochtuithe cosanta, agus socruithe le haghaidh fiosrúcháin speisialta; agus
- déanfaidh C & AC athbhreithniú tréimshiúil ar a éifeacht féin agus tuairisceoidh sé torthaí an athbhreithnithe sin chuig an gComhairle.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Ta córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag CCPRO a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí mar aon leis na gníomhaíochtaí de chuid an lucht bainistíochta chun freagairt do na rioscaí seo agus, sa mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Is ann do chlár rioscaí a shainaithníonn na príomhrioscaí do CCPRO agus tá siad seo sainaitheanta, measta agus grádaithe ó thaobh suntais de. Déanann C & AC athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár le linn a gcuid cruinnithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun pleanáil agus chun acmhainní a leithdháileadh le cinntiú go ndéanfar bainistiú cuí ar na rioscaí.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus cuirtear dualgas ar bhaill foirne ar leith maidir le rialuithe a fheidhmiú. Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun a bhfuil na tréithe seo leanas aici:

- tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- tá freagrachtaí airgeadais tugtha ag leibhéal na bainistíochta agus an chuntasacht a leanann iad,
- is ann do chóras buiséadaithe cuí a bhfuil buiséad bliantúil aige agus coiméadann bainisteoirí sinsearacha súil air,
- tá córais ann atá dírithe ar shábháilteacht chórais na faisnéise agus theicneolaíocht na

cumarsáide a chinntiú,

- is ann do chórais chun sócmhainní a chosaint, agus
- nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha a chinntíonn rialú sásúil chun deontais a fhaomhadh agus chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheontaithe le cinntiú go bhfuil an maoiniú deontas curtha i bfheidhm mar a bhí beartaithe.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóíreacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easpaí rialaithe in iúl ar bhonn tráthúil dóibh siúd atá freagrach as iad sin a chur ina gceart agus don lucht bainistíochta agus don Chomhairle, nuair a bhaineann sé le hábhar. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha faoi lánseol:

- Tá an córas um rialú airgeadais inmheánach in CCPRO arna dhoiceaméadú i mapaí próisis an Chórais um Cháilíocht Bainistíochta (QMS)
- Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag CCPRO maidir le dáilleadh dualgas agus údarú caiteachais
- Déantar monatóireacht ar chaiteachas míosúil faoi réir ag an bplean gnó. Cuirtear tuairiscí ar fáil don Stiúrthóir le haghaidh cíortha agus an ghnímh chuí
- Ullmhaítear agus cuirtear faoi bhráid na Roinne Sláinte tuairisc mhíosúil ar an staid airgeadais
- Tá na córais TAS agus SAGE á bhfeidhmiú ag CCPRO chun cleachtas cuntasaíochta airgeadais a éascú agus chun fianaise iniúchóireachta shonraithe a chur ar fáil maidr le gach idirbheart.

**Soláthar**

Dearbhímid go bhfuil polasaí soláthair curtha ar bun ag CCPRO chun deimhin a dhéanamh de go gcloífidh an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) le modhanna soláthair atá éifeachtach, straitéiseach agus gairmiúil agus a chuimsíonn na treoracha cuí uile ón AE mar aon le reachtaíocht agus moltaí an Rialtais. Toisc amhlaidh a bheith ar bun, bainfear an luach is fearr as an airgead agus cinnteofar gcomhlíonfaimid ár n-oibleagáidí i dtéarmaí:

- Oscailteacht
- Trédhearcacht
- Cuntasacht

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí agus is bunúsaí de sholáthar laistigh d'eagraíocht ar bith is ea go gcaithfear tabhairt faoi laistigh de pholasaithe agus nósanna imeachta comhaontaithe. Tá soláthar laistigh de CCPRO lárnaithe, rud a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach go dtuigteann agus go nglacann na daoine atá páirteach sa phróiseas le prionsabail na héifeachtúlachta, ha héifeachta agus an luacha is fearr ó thaobh airgid de. Feidhmíonn Soláthar Poiblí faoin reachtaíocht a thagann ó threoracha an AE agus go háirithe treoir 2014/24/EU. Leagtar amach sa treoir rialacha chun conarthaí poiblí a úsáid maidir le hoibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a sholáthraíonn comlachtaí nó daoine aonair mar aon leis na díolúintí is féidir a chur i bhfeidhm. Sonraitear sa reachtaíocht nuair a úsáideann na húdaráis náisiúnta soláthar poiblí chun tairiscintí a lorg maidir le hoibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a chur ar fáil, ní mór dóibh plé le gach iarrthóir ar bhonn cothrom agus ní ceart dóibh idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Caithfidh siad a bheith trédhearcach ina gcuid cúraimí.

Tá an treoir seo bunaithe ar cheithre bhunphrionsabal atá mar dhlúthchuid de Chonradh na Róimhe. Cinntítear leis na ceithre phrionsabail seo go dtabharfar faoi sholáthar i slí a chuireann le héiteas na hoscailteachta, na cothromaíochta agus na cuntasachta. Tá Soláthar Poiblí ar fud an AE faoi réir ag an Treoir Leigheas 2007/66 a raibh sé mar aidhm aici éifeachtacht na nósanna imeachta a shoiléiriú agus a fheabhsú chomh maith le conarthaí a chosaint agus a thabhairt. Cuireadh an treoir seo i bhfeidhm in Éirinn ar 25 Márta 2010. Ina theannta sin, ní mór a chur san áireamh i soláthar poiblí prionsabail an Achta um Míchumas, 2005 go háirithe Alt 27 a phléann le rochtain. Tugtar treoir Náisiúnta bhreise i bhfoirm treoirlínte agus ciorcalán arna n-eisiúint ag ranna éagsúla an rialtais.

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun ag CCPRO a chinntíonn go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha a bhaineann le soláthar agus gur chomhlíon CCPRO na nósanna imeachta sin le linn 2017.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag CCPRO chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta i dtaca le bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh de chuid CCPRO faoi réir ag obair iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha mar aon le lucht bainistíochta sinsearach laistigh de CCPRO ata freagrach as creat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothú. Dearbhímid gur thug an Chomhairle faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha ar 7 Nollaig le haghaidh 2017.

**Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach**

Níor sainaithníodh aon laigí ábhartha maidir le rialú inmheánach le haghaidh 2017 a bhfuil gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil:

| | |
|---|---|
| An Dr. J. Burke | An tUas. Richard Lodge |
| Cathaoirleach | Stiúrthóir |

Dáta: 21 Nollaig 2018

## An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

### RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

***Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017***

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **€** | **€** |
| Leithdháileadh na Roinne Sláinte | 2 | 2,797,000 | 2,730,774 |
| Ár nAcmhainní Féin | 3 | 52,844 | 37,974 |
| Ioncam Eile | 4 | 348,812 | 390,364 |
| **Ioncam Iomlán** | | **3,198,656** | **3,159,112** |
| **Caiteachas** | | | |
| Deontais Iníoctha | 5 | 1,254,486 | 1,234,660 |
| Riarachán, Oibríochtaí agus Ardú Céime | 6 | 2,056,195 | 1,897,166 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **3,310,681** | **3,131,826** |
| **Barrachas / (Easnamh) don Bhliain roimh Dhílsithe** | | (112,025) | 27,286 |
| Aistriú go dtí/(ó) an Cúntas Caipitil | 9 | (156,817) | (35,625) |
| | | **(268,842)** | **(8,339)** |
| Iarmhéid Tugtha Ar Aghaidh an 1 Eanáir 2017 | | 98,712 | 107,051 |
| **Iarmhéid Tugtha Ar Aghaidh an 31 Nollaig 2017** | | **(170,130)** | **98,712** |

Cuimsítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Inocaim na gnóthachain agus na caillteanais go léir a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Chomhairle na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil:

An Dr. J. Burke
Cathaoirleach

An tUas. Richard Lodge
Stiúrthóir

Dáta: 21 Noll 2018

# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

## RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

***Mar atá ar 31 Nollaig 2017***

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | 135,128 | 28,452 |
| **Iomlán na Sóchmainní Seasta** | | **135,128** | **28,452** |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infhháltais | 11 | 20,594 | 163,289 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 11 | 11,713 | 31,818 |
| | | **32,307** | **195,107** |
| **Dliteanais Reatha *(méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)*** | | | |
| Iníocthaigh | 10 | 163,293 | 96,395 |
| **Glan-Sócmahinní Reatha** | | (130,986) | 98,712 |
| | | | |
| **Dliteanais Neamh-Reatha *(méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)*** | | | |
| Iníocthaigh | 10 | 39,144 | 0 |
| **Iomlán na nGlan-Sócmhainní** | | **(35,002)** | **127,164** |
| | | | |
| **Ag Seasamh do** | | | |
| Cuntas caipitil | 9 | 135,128 | 28,452 |
| Cúlchistí coinnithe ioncaim | | (170,130) | 98,712 |
| | | **(35,002)** | **127,164** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Chomhairle na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil:

An Dr. J. Burke
Cathaoirleach

An tUas. Richard Lodge
Stiúrthóir

Dáta: 21 Noll 2018

# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

## RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID

***Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017***

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Sreafaí Airgid Ghlain ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | **€** | **€** |
| Breis Ioncaim anuas ar Chaiteachas | (112,025) | 27,286 |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais | 142,695 | 49,058 |
| Méadú/(Laghdú) ar Iníocthaigh | 106,042 | (34,740) |
| Ús Bainc a Fuarthas | 0 | 0 |
| **Insreabhadh Airgid Ghlain ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | **136,712** | **41,604** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghíomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach | (156,817) | (35,625) |
| **Sreafaí Airgid Ghlain ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(156,817)** | **(35,625)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | |
| Ús Bainc a Fuarthas | 0 | 0 |
| **Sreafaí Airgid Ghlain ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | **0** | **0** |
| **Méadú/(Laghdú) Glán in Airgead agus i gCoibhéisí Airgid** | **(20,105)** | **5,979** |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid ar 1 Eanáir 2017** | **31,818** | **25,839** |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid ar 31 Noll 2017** | **11,713** | **31,818** |

Thar ceann Chomhairle na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil:

An Dr. J. Burke
Cathaoirleach

An tUas. Richard Lodge
Stiúrthóir

Dáta: 21 Noll 2018

## An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

## NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach anseo thíos bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta arna nglacadh ag an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil anseo thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad ar bhonn leanúnach i rith na bliana agus le linn na bliana roimpi.

**a) Eolas Ginearálta**

Bhunaigh an tAire Sláinte an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 109 de 2000, Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil, 2000 agus arna leasú ag Ionstraim Reachtúil Uimh. 575 de 2004 Ordú (Leasú) 2004. Rinneadh na hOrduithe seo faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 arna leasú agus arna ndearbhú ag an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.

Sonraítear thuas príomhfheidhmeanna na Comhairle arna leagan amach in Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil, 2000 agus arna leasú ag Ionstraim Reachtúil Uimh. 575 de 2004 Ordú (Leasú).

Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) is ea an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil.

**b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 faoi réir ag FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais a bhfuil feidhm aige sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann, arna mhodhnú ag treoracha an Aire Sláinte i leith aoisliúntais. Mar chomhlíonadh ar threoracha an Aire Sláinte, cuntasaíonn an Chomhairle na costais a bhaineann le teidlíochtaí aoisliúntais nuair a éiríonn siad iníoctha amháin. Ní chomhlíonann bunús na cuntasaíochta le FRS 102 a éilíonn go n-aithneofar na costais sin sa bhliain ina dtuilltear an teidlíocht.

c) **Bunús leis an Ullmhúchán**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a dhéantar a thomhas ag luacha cothroma arna míniú sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá foirm na ráiteas airgeadas arna faomhadh ag an Aire Sláinte le comhaontú on Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn leanúnach na beartais chuntasaíochta seo leanas chun dul i ngleic le míreanna, a mheastar iad a bheith ábhartha, i leith ráitis airgeadais na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil.

**d) Ioncam**

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe de ghnáth; eisceacht amháin is ea an cás maidir le leithdháileadh na Roinne Sláinte a aithnítear ar bhunús na n-admhálacha airgid.

Ioncam Eile

Aithnítear iomcam eile ar bhonn fabhruithe.

**e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas móide luachlaghdú carnaithe, arna choigeartú i dtaca le soláthar laige. Gearrtar bliain iomlán luachlaghdaithe i mbliain an cheannaigh. Mura bhfuil maitseáil idir luachlaghdú agus amúchadh coibhéiseach Chuntas an Chiste Chaipitil ní ghearrtar é ar an Ráiteas ar Chaiteachas agus Ioncam. Soláthraítear luachlaghdú ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí measta chun an costas a ghlanadh lúide an luach iarmharach measta ar gach sócmhainn ar bhonn líne dírí le linn a saolréanna úsáideacha measta, mar seo leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh TFC | líne dhíreach de 33.3%. |
| Trealamh eile: | líne dhíreach de 20.0%. |

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le laige i luach sócmhainne, aithnítear laige an chaillteanais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

**f) Sochair d’Fhostaithe**

Sochair Ghearr-Thréimhseacha

Aithnítear sochair ghearrthréimhseacha ar nós íocaíochta le haghaidh laethanta saoire mar chostas sa bhliain, agus aon sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana cuirtear iad mar fhigiúr na n-iníocthaigh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Phinsin

Ta scéim le sochar sainithe ag an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil faoi mar atá in Airteagal 28 (2) de IR 109/2000 faoi réir ag scéimeanna agus rialacháin a rinneadh faoin Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980 (Uimh. 8 de 1980). Tá an scéim seo arna maoiniú gach bliain ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a chuireann an Roinn Sláinte ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a fhaightear ó thuarastail na foirne agus na mball. Cuireann an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí (“An Scéim Aonair”), atá ina scéim sochair shainithe d’fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Séime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER).

**g) Breithiúnais agus Meastacháin na Cuntasaíochta Criticiúla**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag an lucht bainistíochta ní mór dóibh breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais faoi mar atá ag an dáta tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear

maidir le hioncaim agus costais le linn na bliana. Ach de bharr go ndéantar na nithe seo a mheas, sean go mbeadh difríocht idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin a dhéantar.

Luachlaghdú agus Luachanna Iarmharacha

Déanann an Coiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta athbhreithniú ó am go ham ar shaolréanna sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha a bhaineann leo de gach aicme sócmhainne seasta, agus go hairithe, ar shaolré úsáideach eacnamúil agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas agus tá tátal déanta aige go bhfuil saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha de réir mar is cuí.

**h) Léasanna Oibríochta.**

Aithnnítear caiteachas ar chíos faoi léasanna oibríochta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim ar feadh shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dírí ar feadh thréimse an léasa, ach amháin sna cásanna ina dtagann méadú ar an gcíos a bhaineann le ráta ionchais an bhoilscithe. Sna cásanna sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aon dreasachtaí léasa a fhaightear, aithnítear iad le linn shaolré an léasa.

**i) Infháltais**

Aithnítear iad seo ag a luach cothrom, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Soláthar sanúil atá i gceist leis an soláthar d'fhiacha amhrasacha agus bunaítear é nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil in ann na méideanna ar fad a dhlitear dó a bhailiú. Gach gluaiseacht maidir le soláthar d'fhiachais amhrasacha, aithnítear iad sa Ráiteas ar Ioncam, Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

**2. Leithdháileadh na Roinne Sláinte**

Cuimsítear le leithdháileadh Vóta 38 (E1) na Roinne Sláinte don Chomhairle um Cúram Práinne Réamh-Ospidéil sna ráitis airgeadais mar:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontais le haghaidh caiteachais reatha | 2,797,000 | 2,730,774 |
| | **2,797,000** | **2,730,774** |

**3. Ár nAcmhainní Féin**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ó Tháillí don Chlárú Gairmiúil | 52,844 | 37,974 |
| | **52,844** | **37,974** |

**4. Ioncam Eile**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Clár chun Leigheas a Iompar/Clár Aisghabhála (Ospidéal Leanaí Shráid Temple) * | 130,000 | 165,000 |
| Táillí Creidiúnaithe agus Scrúduithe | 124,930 | 80,455 |
| Ioncam na dTeastas | 44,323 | 41,860 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais | 48,878 | 28,331 |
| Díolacháin Treoirlínte sa Chleachtas Cliniciúil | 681 | 718 |
| Maoiniú infhaighte Phrótacal 37 | 0 | 74,000 |
| | **348,812** | **390,364** |

*Leithdháiltear ar Ospidéal Leanaí Shráid Temple an maoiniú a fuarthas ó FSS le haghaidh an Chláir chun Leigheas a Iompar/an Chláir

**4. Dontais**

| **Deontais** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ionad um Thaighde Réamh-Ospidéil, Ollscoil Luimnigh | 32,513 | 131,890 |
| Foras Croí na hÉireann | 0 | 89,340 |
| Urraíocht Chomhdhála | 29,379 | 25,000 |
| Clár na Stadanna Cairdiacha Lasmuigh den Ospidéal | 0 | 25,000 |
| **Iomlán na nDeontas** | **61,892** | **271,230** |

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| **Sonraisc** | **€** | **€** |
| Maoiniú um Fhorbairt Ard-Pharaimhíochaine | 660,000 | 409,230 |
| Clár chun Leigheas a Iompar/Clár Aisghabhála | 99,462 | 82,441 |
| Tionscadal Tacaíochta na Tairsí Digití | 40,030 | 28,244 |
| Tionscnamh um Thuairisciú Leictreonach Chúram na nOthar | 6,702 | 17,755 |
| Tuairiscí sa Chúram Cliniciúil a Phriontáil | 45,615 | 17,897 |
| Tionscadail Speisialta Ilghnéitheacha - OFA agus FAR | 43,454 | 1,511 |
| Taighde - Forbairt na nEochair-Tháscairí Feidhmíochta | 4,082 | 8,373 |
| Athbhreithniú Feabhais – Oiliúint agus Oibríochtaí | 152,696 | 82,317 |
| Forbairt Leanúnach na hInniúlachta Gairmiúla | 82,267 | 70,703 |
| Prótacal 37 | 57,954 | 69,450 |
| Tionscadal Uasdátaithe DFR ILCOR* | 332 | 175,509 |
| Iomlán na Sonrasc | **1,192,594** | **963,430** |
| | | |
| **Iomlán na nDeontas Iníoctha** | **1,254,486** | **1,234,660** |

Cuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil do thríú páirtithe ach deontais nó sonraisc chun seirbhísí ar leith a sholáthar. Leagtar amach thuas na méideanna a íocadh in 2017. Tugtar anseo thíos cur síos gearr ar chuid de na príomhscéimeanna a cuireadh san áireamh maidir le caiteachas ar dheontais:

- Ionad um Thaighde Réamh-Ospidéil, Ollscoil Luimnigh — cothaíonn agus éascaíonn sé taighde acadúil a thacaíonn le gníomhaíochtaí cliniciúla

- Maoiniú um Fhorbairt Ard-Pharaimhíochaine — tacaíonn sé leis an gclár oiliúna ard-pharaimhíochaine

- Clár chun Leigheas a Iompar/Clár Aisghabhála — tacaíonn sé le forbairt Seirbhísí Nuabheirthe agus Péidiatracha ar bhonn náisiúnta.

## 6. Riarachán, Oibríochtaí agus Ardú Céime

| | Nóta | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| Luach saothair agus costais phá eile | 6(a) | 1,051,093 | 953,795 |
| Cíos, rátaí, muirir seirbhísí agus árachas | | 143,383 | 119,133 |
| Trochlú Oifigí agus táillí aistrithe | | 50,391 | 0 |
| Deisithe, cothabháil agus muirir léasa | | 12,932 | 10,695 |
| Leictreachas, glanadh agus fóntais | | 22,896 | 23,545 |
| Cumarsáid agus TF | | 180,915 | 223,006 |
| Costais oifige | | 131,341 | 120,860 |
| Comhairleoireacht agus táillí gairmiúla eile | | 99,616 | 160,921 |
| Scrúduithe agus costais a bhaineann leo | | 173,343 | 120,850 |
| Earcú agus na meáin chumarsáide | | 38,952 | 46,651 |
| Costais maidir le Clárú | | 68,950 | 31,189 |
| An Chomairle agus na Coistí * | | 82,383 | 86,521 |
| | | **2,056,195** | **1,89,166** |

Cuimsítear faoin gceannteideal a bhfuil * air na híocaíochtaí le Cathaoirleach ar an gCoiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta as a ról mar Chathaoirleach ar an gCoiste Comhlíonta agus Iniúchóireachta ()€6,050), agus íocaíochtaí as obair Rúnaíocht na Comhairle (€20,495), Imscrúdú Nochtaithe Chosanta (€12,087) agus costais (€5,705). Tá athrangú déanta ar fhigiúir 2016 chun ailíniú le caiteachas 2017.

### *(a) Luach Saothair agus Costais Phá Eile*

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail Foirne | 759,791 | 720,479 |
| Costais Pinsin | 49,821 | 49,643 |
| Ranníocaíocht leasa shóisialaigh an Fhostóra | 56,579 | 57,375 |
| Oiliúint agus forbairt foirne | 24,973 | 37,145 |
| Costais taistil agus cothabhála foirne | 59,437 | 68,222 |
| Foireann Shealadach | 141,853 | 89,369 |
| Costais bhaill na Comhairle | 37,234 | 4,587 |
| Costais phá bhaill foirne ar iasacht a fuarthas ar ais | (78,595) | (73,025 |
| | **1,051,093** | **953,795** |

Ioncam de €78,695 (2016: €73,025) i leith na mball foirne a bhí ar iasacht go dtí an Roinn Sláinte agus tá seo fritháirithe i dtaca le costais tuarastal.

## 7. Luach Saothair

### 7.1 Nochtuithe Breise Maidir Le Luach Saothair

### Luach Saothair

| (a) Sochair Chomhiomlána d'Fhostaithe | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sochair ghearrthréimhseacha foirne | 766,197 | 726,885 |
| Sochair Foircheanta | 0 | 0 |
| Costais na Sochar Scoir | 49,821 | 49,643 |
| Ranníocaíocht leasa shóisialaigh an Fhostóra | 56,579 | 57,375 |
| | 872,597 | 833,903 |

| (b) Sochair Ghearr-Thréimhseacha Foirne | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 759,791 | 720,479 |
| Liúntais | 6,406 | 6,406 |
| | 766,197 | 726,885 |

**(c) Sochair Foircheanta**

Níor íocadh aon sochair foircheanta ná ní dhearnadh aon socruithe le ball foirne.

| Príomh-Phearsanra Bainistíochta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 388,601 | 381,408 |
| Liúntais | 2,425 | 3,445 |
| | 391,026 | 384,853 |

Is iad an Stiúrthóir, a Stiúrthóir Tánaisteach agus na hOifigigh Chláir an príomhphearsanra

| (e) Tuarastal agus Sochair an Stiúrthóra | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 87,732 | 82,587 |
| | **87,732** | **82,587** |

**Nótaí**

Ní bhuair an Stiúrthóir aon sochair pinsin seachas na teidlíochtaí caighdeánacha faoi Scéimeanna Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil agus/nó faoin Scéim Aonair Seirbhíse Pinsin. Níor íocaíodh aon bhónas leis an Stiúrthóir ná le ball foirne ar bith eile.

## 8. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | TFC Trealamh | Eile Trealamh | Iomláin |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ar 1 Eanáir | 104,997 | 79,528 | 184,525 |
| Breiseanna | 23,606 | 133,211 | 156,817 |
| Diúscairtí | (5,586) | 0 | (5,586) |
| **Ar 31 Nollaig** | **123,017** | **212,739** | **335,756** |
| | | | |
| **Luachlaghdú** | | | |
| Ar 1 Eanáir | 78,986 | 77,087 | 156,073 |
| Muirear don bhliain | 22,693 | 27,448 | 50,141 |
| Diúscairtí | (5,586) | 0 | (5,586) |
| **Ar 31 Nollaig** | **96,093** | **104,535** | **200,628** |
| | | | |
| **Glanluach Leabhair** | | | |
| Ar 1 Eanáir | 26,011 | 2,441 | 28,452 |
| Gluaiseacht ghlan le haghaidh na bliana | 913 | 105,763 | 106,676 |
| **Ar 31 Nollaig** | **26,924** | **108,204** | **135,128** |

## 9. Cuntas Caipitil

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh ar 1 Eanáir | 28,452 | 27,697 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Lúide | 156,817 | 35,625 |
| Amúchadh faoi réir ag luachlaghdú | (50,141) | (34,870) |
| **Iarmhéid Deiridh ar 31 Nollaig** | **135,128** | 28,452 |

## 10. Iníocthaigh

Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe Trádála | 58,873 | 23,219 |
| Fabhruithe | 67,006 | 41,320 |
| Visa | 5,060 | 3,848 |
| Cáin Dlite | 27,085 | 28,008 |
| Dreasacht léasa iarchurtha | 5,269 | 0 |
| | **163,293** | 96,395 |

Méideanna bheidh dlite tar éis bliana amháin

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Dreasacht léasa iarchurtha | 39,144 | 0 |
| | 39,144 | 0 |

**11. Infháltais agus Airgead agus Coibhéisí Airgid**

| **Infháltais** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Féichiúnaithe | 5,710 | 164,073 |
| Réamhíocaíochtaí | 14,884 | (784) |
| | 20,594 | 163,289 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid | 11,713 | 31,818 |

**12. Costais Sochair Scoir**

De réir threoir an Aire Sláinte, ní dhearnadh aon soláthar i dtaca le sochair iníoctha faoi Scéimeanna Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil mar frithgheallann an tAire Sláinte an dliteanas. Creidiúnaítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar baill na scéime iad don chuntas caiteachais agus ioncaim nuair a fhaightear iad. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad. Íoctar an tobhach pinsin leis an Roinn Sláinte.

Tá Scéim Aonair Seirbhísí Pinsin ("An Scéim Aonair") ar bun ag an gComhairle. Is scéim pinsean le sochar sainithe í seo d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Táthar ag feitheamh ar shoiléiriú maidir leis an dliteanas a bhaineann leis an Scéim Pinsin seirbhísí aonair.

**13. Tiomantais Léasa**

Le linn 2017 bhog CCPRO go dtí áitreabh nua agus ghlac sé léas nua deich mbliana. Ar 31 Nollaig 2017, bhí na híocaíochtaí íosta léasa todhchaíocha seo leanas ag an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil faoi léasanna oibríochta nach féidir a chur ar ceal le haghaidh na dtréimhsí seo leanas:

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 126,456 | 51,716 |
| Iníoctha laistigh de thréimhse idir 2 bhliain agus 5 bliana | 505,825 | 51,716 |
| Iníoctha thar 5 bliana | 558,515 | 0 |
| | **1,190,796** | **103,432** |

Nóta: Beidh athbhreithniú ar an léas tar éis cúig bliana agus mar sin b'fhéidir go dtiocfaidh athrú ar an méid iníoctha faoi réir ag an gcomhaontú a dhéanfar le linn an athbhreithnithe sin.

**14. Imeachta Tar Éis an Dáta Tuairiscithe**

Níor tharla aon imeacht tar éis an dáta tuairiscithe a chruthódh coigeartú nó nochtadh sna ráitis airgeadais.

**15. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara**

Cloíonn an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil leis an gCód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith nochtadh leasanna na Comhairle agus bhaill/bhaill foirne CCPRO. Is ann do nósanna imeachta foirmiúla chun a chinntiú go gcloífear le héilimh an Chóid.

**16. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Chomhairle na Ráitis Argeadais ar 13 Nollaig 2018.